Coláiste Ghobnait
Inis Oírr



Polasaí Oideachas Caidreamh agus Gnéasachta 2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 04/10/2023
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an 14/11/2023

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

"Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile."

ÉITEAS



SAINMHÍNIÚ AR OIDEACHAS CHAIDREAMH AGUS GHNÉASACHT

Is próiséas fad saoil é an oideachas chaidreamh agus ghnéasacht áit go mbeifear ag bailiú eolais agus tuiscint go leanúnach. Ar aon le sin beidh dearcadh, creidiúintí agus Luachanna faoin gcaidreamh ghnéasach, aitheantas ghnéasach agus an dlúthchaidreamh ghnéasach á fhorbairt taobh istigh den chreat morálta, spioradúil agus sóisialta á fhorbairt.

Aidhmeanna an Chláir

- Tá aidhmeanna faoi leith ag OCG, atá le fáil i gcreatlach fhoriomlán OSPS.
- Cabhrú le daoine óga cairdis agus caidrimh a thuiscint agus a fhorbairt.
- Tuiscint ar ghnéasacht a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- Ag aithint go bhfuil réimse leathan gnéasacht agus caidrimh ann – mar shampla heitrighnéasach, homaighnéasach, déighnéasach agus srl.
- Ba cheart steiréitíopáil inscne a sheachaint agus ba cheart go dtabharfaí aitheantas do dhaoine a n-inscne a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.
- Meon dearfach a chothú faoi ghnéasacht an duine féin agus i gcaidrimh le daoine eile.
- Eolas agus meas a chothú maidir le hatáirgeadh.
- Cumas a thabhairt do dhaoine óga, meonta agus luachanna a fhorbairt faoina ngnéasacht i gcreatlach mhórálta, spioradálta agus shóisialta.

AN GAOL ATÁ AG OCG LE OSPS

- Bíonn dhá rang 40 nóiméad sa tseachtain ar fáil i gColáiste Ghobnait don chlár OSPS/OCG do Bliain 1, 2 & 3 agus bíonn rang amháin 40 noiméad sa tseachtain ar fáil don chlár OSPS/OCG do Bhliain 4, 5, & 6.
- Tá béim mhór leanúnach ar shláinte agus folláine, freagrachtaí agus ag déanamh cinntí.
- Cuirtear rang OCG ar fáil sa rang OSPS do bhliain 1, 2, 3 agus don idirbhliain.
- Cuirtear OCG ar fáil do bhliain 5 agus 6. Cuirtear ar fáil íosmhéid sé rang in aghaidh na bliana mar atá leagtha síos i gciorclán 37/10.

CEANGAL OCG LE MISIÚN NA SCOILE

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil, spioradálta agus morálta a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

Tá Coláiste Ghobnait tiomanta gach gné den churaclam OCG a sheachadadh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le claonadh gnéis, frithghiniúint, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus irl. Déantar é sin i gcomhthéacs ina bhfuil múineadh an chláir faoi réir ag eiteas na scoile.

Múintear OCG sa gcomhthéacs sin agus ar bhealach cuimsithe agus ar bhealach ina bhfuil meas.

SCÓP

Baineann an polasaí seo le gach gné den fhoghlaim agus den mhúineadh Caidrimh agus Gnéasachta. Bíonn plé ar Chaidrimh agus Gnéasachta i ranganna eile taobh amuigh de OSPS/OCG. Mar sin, tá sé fíorthábhachtach go bhfuil eolas ag gach múinteoir faoin bpolasaí OCG.
Baineann an polasaí seo le foireann na scoile, daltaí, bord bainistíochta, tuismitheoirí/ caomhnoirí, aoi chainteoirí agus aon duine eile ón taobh amuigh.

RÉASÚNAÍOCHT

Is é Gnéasacht an príomh eilimint le haghaidh forbairt shláintiúil, shóisialta agus phearsanta. Tá daoine óga nochta ag teachtaireachtaí measctha faoi ghnéasacht agus gníomhaíochtaí ghnéasúla. Caithfidh an scoil in éineacht leis na tuismitheoirí/caomhnoirí breathnú ar an mbealach is fearr chun riachtanaisí an scoláire a chur chun cinn.

De réir Acht Oideachais 1988, caithfidh scoileanna forbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire a chur chun cinn agus oideachas shláintiúl a chur ar fáil dóibh.

Is páirt den chlár OSPS é an OCG ag léibhéal an tSraith Shóiséarach.

Tá éifeacht an chlár OCG ag brath ar phróiséas polasaí comhoibritheach ina bhfuil múinteoirí, tuismitheoirí/ caomhnoirí, baill an bhord bainistíochta agus scoláirí ag oibriú le chéile.

Caidreamh gnéis - Ní mór don mhúinteoir na daltaí a chur ar an eolas gur seacht mbliana déag d'aois aois an toilithe faoin Acht um Dlí Choiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006. Tugtar aghaidh ar OCG i gcomhar leis an Eolaíocht agus leis an Eacnamaíocht Bhaile.

RÓL NA D'TUISMITHEOIRÍ/CAOMHNOIRÍ

Aithnaíonn Coláiste Ghobnait an ról tábhachtach atá ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí san oideachas maidir le caidreamh agus gnéasach. Is iad na tuismitheoirí príomhoideoirí na ndaltaí ó thaobh OCG agus tá sé seo intuigthe ag an scoil. Tá sé de dhualgas ar an múinteoir ábhair (OSPS) rphost a sheoladh chuig na Tuismitheoirí agus an foireann nuair atá an clár OCG a mhúineadh sa scoil. Tá cóip den chlár agus polasaí le fáil ag tuismitheoirí ón scoil ach iarratas a dhéanamh. Tá sé de cheart ag tuismitheoir rogha a dhéanamh a gcuid gasúr a ligean isteach sa rang OCG.

Ta sé tábhachtach a lua gur féidir le Tuismitheoir/Caomhnóir an rogha a dhéanamh a ngasúr (i) a thógáil ón rang mura nglacann siad leis an ábhar OCG atá á mhúineadh. Tá sé seo san Acht oideachais 1998. Is féidir é seo a phlé le Príomhoide na scoile.

De réir Acht Oideachais 1998 (alt 30, fo-alt (2) (e)), ní gá do scoláire a bheith i láthair i rang má chuireann sé isteach ar chultúr/choinsias agus tá sé de cheart ag tuismitheoir/caomhnóir scoláire a thógáil amach as an rang OCG nuair atá plé ar ábhar ghoilliúnach. I gcás scoláire atá ocht mbliana déag, beidh a rogha féin acu freastal ar an rang nó gan freastal.

Is cuid lárnach den Sraith Shóisearach an ábhar seo. Mar chuid den chlár, déanfar plé ar chúrsaí chaidrimh agus gnéis. Níl aon riachtanas ar aon tuismitheoir go mbeadh a mhac/iníon rannpháirteach san Oideachas Caidrimh agus

Gnéasachta. Más toil leis na tuistí a bpáistí a bheith as láthair agus ábhair ar leith á bplé, beidh orthu é sin a chur in iúl don Phríomhoide i scríbhinn.

AN CHEIST MHÓRÁLTA: TREORACHA DO MHÚINTEOIRÍ

Ag freagairt ceisteanna – Tá sé tábhachtach timpeallacht chompordach a chruthú in OCG chun gur féidir le scoláirí plé a dhéanamh go hoscailte. Ní gá go mbeidh an múinteoir ábalta chuile cheist a fhreagairt agus tá sé seo suas don mhúinteoir a gcinneadh proifisiúnta féin a dhéanamh maidir le céard atá feiliúnach agus mí-fheiliúnach, braitheann sé ar aois an dalta, an siollabas agus polasaí OCG na scoile. Má bhíonn imní ar an múinteoir maidir le ceist a chuir dalta, is féidir leis/léi comhairle a fháil ó Phríomhoide na scoile.

RÚNDAÍOCHT

Ní spreagtar scoláirí chun eolas pearsanta ná príobháideach a roinnt, ach le linn an rang OCG/OSPS bíonn uaireanta a labhraíonn siad faoina saol féin. Beidh meas ar rúndaíocht ach i gcásanna ina gceapann an múinteoir go bhfuil an dalta i mbaol mar shampla i gcás droch-chúram nó briseadh an dlí claoífear le treoracha cosaint leanaí.

CUR CHUIGE NA SCOILE

Ag Tabhairt Comhairle: Feidhm na scoile ná oideachas ghinearálta faoi ghnéithe gnéasachta agus saincheisteanna a chur ar fáil, ach gan comhairle ná eolas a chur ar fáil faoi iompar ghnéasachta ná saincheisteanna eile nach bhfuil leagtha síos sa chlár. Is féidir leis an múinteoir oideachas agus eolas a chur ar fáil, pé áit gur féidir leo comhairle gnéasachta rúnda agus coireáil a fháil m.sh banaltra nó dochtúir. Tugtar comhairle feiliúnach de réir aois an scoláire. Ní mór an teolas a chuirtear ar fáil a bheith gan treor agus feiliúnach d'aois an scoláire.

Ag tógáil scoláire amach ón gclár OCG: Tá sé de cheart ag tuismitheoir/caomhnóir a mhac/iníon a thógail ón gclár OCG nuair nach bhfuil siad sásta. Ní gá do thuismitheoirí fáthanna a thabhairt, ach molann muid dóibh labhairt leis an scoil faoi na fáthanna agus go minic is féidir aon saincheist a phlé agus a leigheas. Má roghnaíonn tuismitheoir scoláire a thógáil amach as an rang OCG beidh siad faoi churam an tuismitheoir don tréimhse seo.

Aoichainteoirí: De réir pholasaí na scoile cuirfidh múinteoir a bhfuil aithne ag an scoláire agus ar/uirthi an clár OCG ar fáil, mar sin féin, is féidir le aoichainteoirí nó cuairteoirí cur leis an gclár. Cuirfidh an múinteoir OCG cóip do pholasaí OCG ar fáil don chuairteoir. Tar éis cead a fháil ón bpríomhoide, déanfaidh an múinteoir a bheidh ag eagrú na cuairte cinnte go bhfuil an cuairteoir ar an eolas maidir le éiteas na scoile agus an chaoi a gcuirtear an clár OCG i bhfeidhm. Ní mór na pointí seo a chur san áireamh:

- Trédhearcacht an ábhair agus an cur i láthair.
- Go mbeidh ball do fhoireann na scoile i láthair ag an gcaint.
- Ullmhúchán ranga déanta roimh an gcaint agus tar éis na cuairte.
- Cuirfear an príomhoide ar an eolas maidir le hainm agus dáta na cuairte.

Ba cheart don mhúinteoir OCG (más féidir) fanacht sa seomra ranga le linn an píosa cainte de réir ciorcalán 0023/2010 ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

- Tá proiséas an Teagasc agus Foghlaim comhsháite i bhforbairt phearsanta agus sóisialta.
- Tá gach múinteoir in ann deis a thabhairt chun go mbláthóidh an fhorbairt phearsanta agus sóisialta an scoláire.
- Polasaí OCG – An Clár – Féach Aguisín 1.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh timpeallacht na scoile tacúil agus fabhrach chun cuir leis an OSPS agus OCG chun go mothóidh gach scoláire iad seo a leanas sa timpeallacht:

- Cumarsáid oscailte.
- Ionchais aird agus cur chun cinn an caighdeán.
- Féin mhuinín a spreagadh.
- Go bhfuil meas agus cothromaíocht feicéalach.
- Tacaíocht ar fáil do dhaoine le Deacracht.
- Aitheantas a thabhairt do iarracht.
- Luach ar eagsúlacht.
- Go ndéanfar lámhseáil ar theannas go cruthaíoch.
- Go mothaíonn gach scoláire slán sábháilte.
- Go spreagfar cruthaíoch agus oibriú as a stuaim féin.
- Go spreagfar Luachanna sóisialta, morálta agsu síochanta.

Riachtanais Speisialta: Is minic go mbíonn níos mó cúnamh ag teastáil ó scoláire le riachtanais speisialta maidir le gnéithe fisicúla agus tochtadh nuair atá siad ag fás suas. Beidh níos mó cúnaimh ag teastáil uathu maidir le hiompar nach nglacfar leis agus chomh maith le bheith ullmhaithe in aghaidh droch-chúram.

Clár ama OCG: Dhá rang OSPS sa tseachtain ar fáil don tSraith Shóiséarach. Cuirfear an clár OCG ar fáil (rang amháin sa tseachtain) do bhliain 4, 5 agus 6. Bíonn meascán de chailiní agus de bhuachaillí sa rang. Beidh íosmhéid de shé rang OCG.

Forbairt Ghairmiúil na Foirne

Tá comhordaitheoir OSPS againn i gColáiste Ghobnait.

Tugtar cead freastal ar chursaí traenála OSPS agus OCG don fhoireann.
Tá fáil ag an múinteoir OSPS/OCG ar acmhainní múineadh.
Coinnítear suas chun dáta le acmhainní nua. Ní mór don mhúinteoir bheith oscailte agus a bheith goilliúnach do riachtanais an ghrúpa, deileáil le ceisteanna go hoscailte agus go hionraic.
Coinnítear taifead sa scoil agus plean ábhair an mhúinteora ar an bhforbairt ghairmiúil atá idir láimhe.

Traenáil
Caithfidh an múinteoir a bheith oscailte agus a bheith goilliúnach do riachtanais an ghrúpa, deileáil le ceisteanna go hoscailte agus go hionraic. Tabharfaidh an scoil tacaíocht don mhúinteoir freastal ar chursaí inseirbhisí nuair is gá.

Acmhainní
Féach plean ábhar an mhúinteora.

Monatóireacht – Measunú – Athbhreithniú

Chun an polasaí seo bheith éifeachteach caithfear monatóireacht agus measúnú a dhéanamh go rialta chun cinntiú go n-éireoidh leis, agus athbhreithniú bliantiúil a dhéanamh. Tá sé tábhachtach don chlár OCG

(i) Aiseolas ó dhaltaí agus tuismitheoirí agus (ii) Athbhreithniú agus aiseolas ón bhfoireann. Déantar athbhreithniú agus measúnú rialta ar an gclár OCG. Cuirfear san áireamh reachtaíocht, eolas agus treoracha a athraíonn. Chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an bpolasaí ní mór breathnú cé chomh héifeachtach is atá sé agus cén tionchar atá aige.

AGUISÍN 1

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Coláiste Ghobnait
Inis Oírr | Oileáin Árann |
Co. na Gaillimhe.
+353 99 75016; +353 87 2232520
eolas.gobnait@gretb.ie
www.colaisteghobnait.com

Príomhoide: **Bríd Ní Dhonnacha** *Príomhoide Tánaisteach:* **Diane Ní Mhainín**

Clár OCG - Coláiste Ghobnait

An tSraith Shóisearach

Féach Aguisín 2 – Sonraíocht do ghearrchúrsa de chuid na sraithe sóisearaí.

An tSraith Shinsearach

Feasacht i leith torthúlachta	Leithcheal inscne
Pleanáil clainne	Cearta pearsanta agus sábháilteacht phearsanta
Luachanna agus caidrimh	Caidrimh a bhunú, a choiméad agus a chríochnú
Ionracas pearsanta	Séard is grá ann ...
Tuismíocht fhreagrach	Ceangaltas agus pósadh
Galair ghnéastíolactha	Stiúir inscne
Ciapadh gnéasach	

Nóta Eolais do Thuismitheoirí

An Clár 'Oideachas, Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte'

Mar chuid den ábhar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS Gearrchúrsa) beidh an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) á mhúineadh i gColáiste Ghobnait tar éis briseadh na Nollag ar feadh sé seachtainí.

Moltar do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an deis seo a thapú chun plé a dhéanamh ar an OCG lena mac/n-íníon.

As part of the Social Personal and Health Education (SPHE Short Course) programme Relationships and Sexuality Education (RSE) will be taught to all year groups after the Christmas break for six weeks.

We highly recommend that all parents, in line with good practice, take this opportunity to discuss the topic with their son/daughter during the six-week period in which RSE is being taught.

AGUISÍN 2 – OIDEACHAS SHÓISIALTA PHEARSANTA AGSU SLÁINTE (OSPS SONRAÍOCHT DO GHEARRCHÚRSA DE CHUID NA SRAITHE SÓISEARAÍ



An Clár Ábhar

Oideachas Shóisialta Phearsanta agus Sláinte (OSPS) Sonraíocht do Ghearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí **1**

Meitheamh 2016 **1**

Intreoir don tsraith shóisearach **3**

Réasúnaíocht **4**

Aidhm **6**

Forbhreathnú: Naisc **7**

OSPS agus na ráitis foghlama 7

OSPS agus príomhscileanna 9

Forbhreathnú: Cúrsa **13**

Ionchais maidir le scoláirí **15**

Torthaí Foghlama *15*

Measúnú agus tuairisciú **22**

Measúnú Rangbhunaithe *22*

Measúnú Rangbhunaithe: Tionscadal Deiridh 23

Na gnéithe cáilíochta 23

Measúnú cuimsitheach 23

Aguisín 1: Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí **25**

Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le fiontar. Tógann clár an scoláire sa tsraith shóisearach ar an bhfoghlaim a rinne sé sa bhunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

Réasúnaíocht

Is am í an luath-ógántacht ina dtarlaíonn athruithe móra do dhaoine óga, go fisiciúil, go mothúchánach agus go sóisialta. Trí mhodheolaíochtaí turgnamhacha agus obair ghrúpa a úsáid, tá an spás tiomnaithe agus an t-am ag an scoláire sa ghearrchúrsa seo a thuiscint agus a scileanna a fhorbairt le foghlaim faoi féin, le haire a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile agus le cinntí eolacha a dhéanamh faoina shláinte agus a fholláine i ndomhan atá ag athrú go tapa.

In OSPS tugtar deiseanna don scoláire dul siar ar théamaí éagsúla a dhíríonn ar fhéinfheasacht agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt, chomh maith leis na scileanna a bhaineann le féinbhainistiú, cumarsáid, plé le fadhbanna, cinnteoireacht agus tarraingt le daoine eile. Táthar eolach ar an gcur chuige bíseach i leith dul siar ar phríomhsmaointe agus ábhair nó tá sé i gcuir chuige reatha i leith OSPS. Tógann an cúrsa nua seo ar an gcur chuige sin ach cuireann sé béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le gníomhú agus rannpháirtíocht an scoláire sa phróiseas foghlama mar nithe ríthábhachtacha don fhoghlaim san fhearann éifeachtach. Tá na scileanna atá i gceist ríthábhachtach le haghaidh féinchomhlíonadh, le maireachtáil i bpobail agus le haghaidh rannpháirtíocht iomlán san fhoghlaim tar éis OSPS. Cuirtear machnamh pearsanta, teacht aniar agus comhbhá chun cinn freisin trí OSPS.

Tá oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG) tábhachtach don duine óg ag an gcéim seo dá shaol. Bíonn cuid mhór eolais os a chomhair faoi chaidrimh agus gnéas ó fhoinsí neamhfhoirmiúla, na meáin agus ar líne. Tugann OSPS an comhthéacs inar féidir leis an duine óg foghlaim faoi shaincheisteanna tábhachtacha fisiciúla, sóisialta, mothúchánacha agus morálta faoi chaidrimh, sláinte ghnéis agus féiniúlacht inscne, lena n-áirítear cén áit is féidir leis eolas iontaofa a fháil ó fhoinsí iontaofa.

Tá sé tábhachtach tógáil ar fhoghlaim an scoláire in OSPS sa bhunoideachas freisin. Faigheann foghlaim in OSPS tacaíocht, go bunúsach, ó thimpeallacht dhearfach, cumasaithe sa scoil iomlán agus ó bheartais/threoirlínte ábhartha scoile, lena n-áirítear OCG, polasaí frithbhulaíochta agus polasaí maidir le mí-úsáid substaintí, agus treoirlínte ar chosaint leanaí. Cuidíonn an mór-chomhthéacs seo don fhoghlaim in OSPS lena chinntiú go bhfoghlaimíonn an scoláire le cinntí eolacha a dhéanamh faoina shláinte agus faoina fholláine. Faigheann na cinntí seo tuilleadh tacaíochta agus spreagtha ó pholasaithe agus treoirlínte scoile, pobail agus náisiúnta.

Sainaithníodh sé tháscaire – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas agus Feasach – sa tsraith shóisearach atá lárnach i bhfolláine an scoláire. Cuireann foghlaim in OSPS deiseanna foghlama ar fáil a dearadh le gach ceann de na táscairí sin a fheabhsú, ag cur, mar sin, le clár Folláine na scoile sa tsraith shóisearach.

Aidhm

Tá sé d'aidhm ag an ngearrchúrsa seo tuiscint dhearfach an scoláire ar a nádúr féin agus ar a shláinte agus fholláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta a fhorbairt. Tá sé d'aidhm aige freisin cur ar chumas an duine óig caidrimh fholláine a fhorbairt agus a choinneáil.

Forbhreathnú: Naisc

Léirítear i dTáblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí OSPS a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

OSPS agus na ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir OSPS na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama

Ráitis Foghlama	
Ráiteas	**Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa**
RF 11: Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.	Scrúdaíonn an scoláire an chaoi a n-imríonn a luachanna, dhearcthaí agus iompraíocht tionchar ar a shláinte agus fholláine féin agus ar shláinte agus folláine daoine eile. Forbraíonn sé acmhainní difriúla le tacú le daoine óga cinntí eolacha a dhéanamh dá bhfolláine féin agus d'fholláine daoine eile.
RF 5: Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh.	Bíonn an scoláire rannpháirteach i réimse gníomhaíochtaí a chuireann iompraíochtaí freagracha chun cinn agus a chuidíonn leis scileanna a fhorbairt le cinntí pearsanta agus grúpa a dhéanamh a léiríonn meas ar a dhínit féin agus ar dhínit daoine eile.
RF 6: Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.	In OSPS, bíonn deiseanna ag an scoláire tuairimí a phlé, fadhbanna a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a bhféadfaí tabhairt fúthu lena chomhscoláirí, ag cuidiú leis mar sin léirthuiscint a fháil don luach atá ar dhearcthaí difriúla. Trí chás-staidéir a scrúdú agus trí thabhairt faoi rólimirt, is féidir leis an scoláire foghlaim le níos mó comhbhá a bheith aige le

	daoine eile agus meas a bheith aige ar luachanna, creidiúintí agus traidisiúin dhifriúla.

OSPS agus príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí



Cuireann an cúrsa seo deiseanna ar fáil chun tacú leis na príomhscileanna uile, ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo. Sainaithnítear sna samplaí thíos roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama in OSPS. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

Tábla 2: Naisc idir OSPS na sraithe sóisearaí agus na príomhscileanna

An phríomhscil	Gné na príomhscile	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
A bheith cruthaitheach	Roghanna a fhiosrú	Fiosraíonn agus measann an scoláire roghanna éagsúla i gcomhthéacs na gcinntí a dhéanann sé. Taifeadann sé agus cuireann sé a chuid foghlama in iúl ar bhealaí cruthaitheacha.
A bheith liteartha	Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas	Foghlaimíonn an scoláire lena chuid smaointe agus mothúchán a chur in iúl go soiléir agus le meas trí obair ghrúpa, rólimirt agus machnaimh, agus trí chásanna agus cás-staidéir a fhiosrú agus a phlé.
A bheith uimheartha	Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú	Bailíonn an scoláire faisnéis trí cheistneoirí, suirbhéanna agus taifid phearsanta agus cuireann sé a thátail i láthair i bhfoirm ghrafach do luchtanna féachana difriúla.
Cumarsáid	Éisteacht agus mé féin a chur in iúl	Foghlaimíonn an scoláire lena féin a chur in iúl go soiléir agus le meas, cúnamh a iarraidh, éisteacht le dearcthaí daoine eile agus smaointe agus tuairimí a phlé.
Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú	Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas	Téann an scoláire i dtaithí ar an gcaoi agus na háiteanna ar féidir leis eolas agus tacaíocht a fháil lena shláinte chorpartha

		agus mheabhrach a chothabháil ar bhealach iomlánaíoch.
Mé féin a bhainistiú	Aithne orm féin	Foghlaimíonn an scoláire níos mó faoi féin agus é ag tabhairt faoi ghníomhaireachtaí cinnteoireachta agus socraithe spriocanna. Foghlaimíonn sé le bheith solúbtha, é féin a eagrú, pleanáil a dhéanamh lena spriocanna a bhaint amach agus cothromaíocht ina shaol a fhorbairt.
Fanacht folláin	A bheith folláin, fisiciúil agus gníomhach	Foghlaimíonn an scoláire faoi fhreagracht a ghlacadh as a fholláine agus a chaidrimh. Foghlaimíonn sé freisin le haiste chothromaithe bia, gníomhaíocht choirp agus scíth a chur san áireamh mar chuid de stíl bheatha fholláin.
Obair le daoine eile	Meas a bheith agam	Foghlaimíonn an scoláire faoi phróisis ghrúpa agus faoin gcaoi ar féidir le ballraíocht grúpa tionchar a imirt ar smaointeoireacht agus iompraíocht duine. Forbraíonn sé níos mó comhbhá agus é ag foghlaim faoi dhearcthaí daoine eile agus ag forbairt scileanna le tarraingt le daoine eile.

Forbhreathnú: Cúrsa

Dearadh an gearrchúrsa OSPS seo de chuid na sraithe sóisearaí le cur ar chumas an scoláire tuiscint dhearfach ar a nádúr féin a fhorbairt agus le tiomantas d'aire a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile a fhorbairt.

Snáithe 1: Cé mé féin? Díríonn an snáithe seo ar fhéinfheasacht a fhorbairt agus ar fhéinmheas a thógáil.

Snáithe 2: Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile. Tugann an snáithe seo deiseanna don scoláire machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr is féidir leis aire a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile.

Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile. Díríonn an snáithe seo ar an scoláire ag foghlaim faoi chaidrimh thábhachtacha ina shaol agus scileanna caidrimh a thógáil.

Snáithe 4: Mo mheabhairshláinte. Díríonn an snáithe seo ar mheabhairshláinte dhearfach a thógáil, ag scrúdú thaithí an duine óig ar easláinte mheabhrach agus ag foghlaim le tacú leis féin agus le daoine eile i dtréimhsí dúshlánacha.

Dialann foghlama pearsanta

Baineann go leor den fhoghlaim a dhéanann an scoláire in OSPS le tuairimí, luachanna agus mothúcháin agus bíonn sí pearsanta don scoláire. Ba chóir an scoláire a spreagadh le dialann foghlama phearsanta a choinneáil ar feadh an ghearrchúrsa, mar a mbeidh sé in ann machnamh príobháideach a dhéanamh ar a fhoghlaim in OSPS. Le comhaontú an scoláire, féadfar cuid de na hiontrálacha a úsáid le tacú le gníomhaíochtaí foghlama difriúla, ach go bunúsach tá an dialann foghlama phearsanta príobháideach agus is don scoláire amháin í.

Nuair a chuimhnítear ar a leochailí a d'fhéadfadh foghlaim an scoláire a bheith, tá sé ríthábhachtach go gcomhaontódh an scoláire conradh lena chomhscoláirí agus lena mhúinteoir lena chinntiú gur timpeallacht mheasúil agus shábháilte é an rang OSPS le foghlaim in OSPS.

Léiríonn an Measúnú Rangbhunaithe a dtugtar breac-chuntas air thíos an fhoghlaim a dhéanfaidh an scoláire sa ghearrchúrsa seo ó CNCM. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint

dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a athrú freisin, ionas go léirítear foghlaim an scoláire ann. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt.

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an gearrchúrsa OSPS le haghaidh thart ar 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. I gcás na ngearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil. D'fhéadfadh go rachadh sé chun tairbhe scoile a dhearann a cuid gearrchúrsaí féin taisce samplaí d'obair scoláirí a chruthú le haghaidh plé agus tagartha amach anseo.

Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na *torthaí foghlama* a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó an gearrchúrsa OSPS seo a chur i gcrích i rith na sraithe sóisearaí. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

Snáithe 1: Cé mé féin?	
Foghlaimíonn an scoláire faoi	**Torthaí foghlama** *Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire*
Conas a fheictear dom mé féin agus daoine eile	1.1 léirthuiscint a bheith aige don tábhacht a bhaineann lena fhéinmheas féin agus le féinmheas daoine eile a thógáil 1.2 fáiltiú roimh dhifríocht idir daoine aonair bunaithe ar léirthuiscint dá uathúlacht féin
Bheith i d'ógánach	1.3 páirt a ghlacadh i bplé eolach ar thionchar na forbartha fisicí, mothúchánaí, síceolaíche agus sóisialta le linn na hógántachta 1.4 an chaoi a mbaineann gnéasacht agus féiniúlacht inscne le bheith i do dhuine daonna a aithint agus go bhfuil toisí bitheolaíocha, síceolaíocha, cultúrtha, sóisialta agus spioradálta leis
Féinbhainistíocht	1.5 spriocanna pearsanta gearrthéarmacha, meántéarmacha, agus fadtéarmacha a shainaithint mar aon le bealaí ina bhféadfaí iad a bhaint amach 1.6 scileanna cinnteoireachta a chur i bhfeidhm i réimse suíomhanna 1.7 eolas cuí agus iontaofa faoi shláinte agus folláine a aimsiú
Mo chearta agus cearta daoine eile	1.8 míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le steiréitíopáil cur le tuiscint agus le taithí duine ar chearta agus ar fholláine 1.9 léirthuiscint a bheith aige don tábhacht atá le hiompar measúil agus cuimsitheach chun timpeallacht shábháilte a chur chun cinn atá saor ó chlaontacht agus ó leatrom

Snáithe 2: Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile.	
Foghlaimíonn an scoláire faoi	**Torthaí foghlama** *Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire*
Fanacht folláin	2.1 an chaoi a gcuireann aiste bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinteachas le féinmhuinín, féinmheas agus folláine a mheas 2.2 léirmheas a dhéanamh ar éifeacht na meán, na fógraíochta agus tionchair eile ar chinntí an duine faoin tsláinte agus faoin bhfolláine 2.3 cur síos a dhéanamh ar a gcuireann an muintearas chun cinn ar scoil, sa bhaile agus sa phobal trí chéile agus ar a ról féin chun timpeallacht chuimsitheach a chruthú 2.4 idirdhealú a dhéanamh idir aire atá oiriúnach a thabhairt agus a fháil
Úsáid substaintí	2.5 na scileanna pearsanta agus sóisialta a thaispeáint chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú chun toitíní a chaitheamh, alcól a ól agus/nó substaintí eile a úsáid 2.6 machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí pearsanta, sóisialta agus dlíthiúla a thagann lena úsáid drugaí féin nó le húsáid daoine eile 2.7 léirmheas a dhéanamh ar an eolas agus na tacaí atá ar fáil do dhaoine óga i dtaca le húsáid substaintí
Cumarsáid mheasúil	2.8 scileanna na héisteachta gníomhaí agus na freagartha cuí a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla 2.9 scileanna maithe cumarsáide a úsáid chun freagairt don cháineadh agus don aighneas
Frithbhulaíocht	2.10 cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí i leith teagmhais bhulaíochta 2.11 breithmheas a thabhairt ar róil rannpháirtithe agus lucht féachana i dteagmhais bhulaíochta

	2.12 athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí frithbhulaíochta agus ar threoirlínte sábháilteacht idirlín na scoile agus míniú a thabhairt ar na himpleachtaí atá ann d'iompar agus do shábháilteacht phearsanta scoláirí

Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile	
Foghlaimíonn an scoláire faoi	**Torthaí foghlama** *Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire*
Cara bheith agat agus tú a bheith i do chara	3.1 a bhfuil luachmhar ag daoine óga i gcaidrimh dhifriúla a oibriú amach agus an chaoi a n-athraíonn sé sin le himeacht aimsire 3.2 meonta, scileanna agus dearcthaí a mheas a chabhraíonn chun cairdeas a dhéanamh, a choimeád agus a chríochnú go measúil 3.3 a chumas a aithint chun cairdeas a dhéanamh agus a bheith aige
An raon caidrimh	3.4 na tionchair dhifriúla ar chaidrimh agus ar leibhéil dlúthchaidrimh a mhíniú 3.5 anailís a dhéanamh ar dheacrachtaí caidrimh a bhíonn ag daoine óga
Gnéasacht (collaíocht), féiniúlacht inscne agus sláinte ghnéis	3.6 cur síos a dhéanamh ar thorthúlacht, giniúint, forbairt réamhbhreithe agus breith, agus na ceisteanna sláinte ar leith a bhaineann le gach ceann acu 3.7 míniú a thabhairt ar a gciallaíonn sé aire a thabhairt dá shláinte ghnéis 3.8 scileanna cumarsáide treallúsaí a thaispeáint chun tacú le cinnteoireacht fhreagrach, eolach faoi chaidrimh agus faoi shláinte ghnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de

	3.9	machnamh a dhéanamh ar na gnéithe pearsanta agus sóisialta den ghnéaschlaonadh agus den fhéiniúlacht inscne
Tionchar na meán ar chaidrimh agus ar ghnéasacht	3.10	anailís chriticiúil a dhéanamh ar úsáid íomhánna gnéasacha agus ar steiréitíopáil inscne i gcineálacha éagsúla meán
	3.11	léirmheas a dhéanamh ar thionchar na meán ar a thuiscint ar chollaíocht agus ar shláinte ghnéis

Snáithe 4: Mo mheabhairshláinte	
Foghlaimíonn an scoláire faoi	**Torthaí foghlama** *Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire*
Meabhairshláinte dhearfach	4.1 míniú a thabhairt ar a gciallaíonn sé meabhairshláinte dhearfach a bheith agat 4.2 léirthuiscint a bheith aige don tábhacht a bhaineann le rudaí a phlé go mion, lena n-áirítear na naisc a aithint idir smaointe, mothúcháin agus iompar 4.3 roinnt teicnící scíthe a chleachtadh
Meabhairshláinte agus easláinte mheabhrach	4.4 páirt a ghlacadh i bplé eolach ar cheisteanna meabhairshláinte a mbíonn taithí ag daoine óga agus/nó ag a chairde agus a theaghlach orthu 4.5 léirthuiscint a bheith aige do mhaireachtáil le heasláinte mheabhrach 4.6 léirmheas a dhéanamh ar na seirbhísí meabhairshláinte atá ar fáil do dhaoine óga go háitiúil 4.7 míniú a thabhairt ar an tionchar suntasach a imríonn úsáid substaintí ar mheabhairshláinte an duine
Ócáidí géara coscracha a láimhseáil	4.8 raon straitéisí chun athléimneacht a thógáil a chleachtadh 4.9 scileanna le dul i ngleic le deacrachtaí a úsáid chun dúshláin an tsaoil a bhainistiú
Cailleadh agus méala	4.10 míniú a thabhairt ar an réimse leathan ócáidí saoil ina bhféadfadh sé taithí a bheith aige ar chailleadh agus ar mhéala 4.11 breac-chuntas a thabhairt ar na freagairtí pearsanta, sóisialta, mothúchánacha agus fisiceacha i leith cailleadh agus méala 4.12 comparáid a dhéanamh idir na bealaí ina gcuirtear cailleadh agus méala i láthair i gcomhthéacsanna agus i gcultúir éagsúla

	4.13 cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtabharfadh sé aire dó féin agus a dtabharfadh sé tacaíocht do dhaoine eile ar ócáidí caillte agus méala

Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Tá roinnt torthaí foghlama ann atá níos oiriúnaí do mheasúnú aonuaire, agus cuid eile atá níos oiriúnaí don mheasúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a bhíonn an scoláire páirteach i ngníomhaíochtaí mar phlé, míniú, taighde, cur i láthair, pleanáil agus gníomhú. Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a chomhscoláirí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán na bpíosaí áirithe oibre. Pleanálann sé na chéad chéimeanna eile ina chuid foghlama, bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann agus a thugann sé. Is féidir le measúnú leanúnach tacú leis an scoláire ina aistear foghlama agus ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifid fuaime agus píosaí scríofa.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an measúnú rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tá Acmhainní don Mheasúnú ar fáil ar líne chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar sna hAcmhainní don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc, measúnaithe agus tuairiscithe.

Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrach/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. Nuair is féidir, glacfaidh múinteoirí na ngearrchúrsaí páirt i gcruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú.

Measúnú Rangbhunaithe: Tionscadal Deiridh

Cuirfidh an scoláire Measúnú Rangbhunaithe amháin i gcrích bunaithe ar thorthaí foghlama i níos mó ná snáithe amháin ar an gcúrsa. Dearfar ábhar le haghaidh Measúnú Rangbhunaithe i gcomhairle leis na scoláirí. Cuspóir ar leith a bheidh ag an Measúnú Rangbhunaithe is ea aiseolas forbartha don scoláire a éascú le linn a rannpháirtíochta sa tasc agus ag deireadh an phróisis. Is féidir an measúnú rangbhunaithe don ghearrchúrsa OSPS a chur i gcrích sa dara bliain nó sa tríú bliain.

Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe a tháirgeadh i bhformáid scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime agus is féidir tacú leis sna formáidí sin trí agallamh nó cur i láthair a úsáid.

Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun Measúnú Rangbhunaithe deiridh an scoláire a mheas.

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith le haghaidh OSPS maidir leis an measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa OSPS seo, lena n-áirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí faoi na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo. Cuimseoidh na treoirlínte, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh phíosaí oibre an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

Measúnú cuimsitheach

Is príomhghné de theagasc agus d'fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnú Rangbhunaithe. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir.

Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire teacht ar fhoghlaim agus measúnú bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt físeanna agus fotheidil a tharraingt/scríobh/chlóscríobh agus a chruthú le smaointe a chur i láthair agus in iúl. Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d'fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair i mbealach difriúil. Tá treoirlínte cuimsitheacha faoi chuimsiú in iar-bhunscoileanna ar fáil anseo agus tá treoirlínte do mhúinteoirí scoláirí faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama ar fáil anseo.

Aguisín 1: Na Táscairí Leibhéil le haghaidh

Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an inniúlacht a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 3 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.

Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí	**3**
Eolas *Fairsinge*	Raon sách fairsing eolais
Eolas *Cineál*	Tagairt nithiúil den chuid is mó agus roinnt tuisceana ar an ngaol idir gnéithe eolais
Fios gnó agus scil *Raon*	Raon teoranta scileanna agus uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a thaispeáint
Fios gnó agus scil *Roghnaíocht*	Roghnú ó raon teoranta gnásanna éagsúla agus réitigh ar eolas a chur i bhfeidhm ar raon teoranta d'fhadhbanna intuartha
Inniúlacht *Comhthéacs*	Gníomhú laistigh de raon teoranta comhthéacsanna
Inniúlacht *Ról*	Gníomhú faoi threoir le neamhspleáchas teoranta; feidhmiú i ngrúpaí aonchineálacha a bhfuil cleachtadh orthu
Inniúlacht *Foghlaim le foghlaim*	Foghlaim le foghlaim i dtimpeallacht bhainistithe
Inniúlacht *Léargas*	Glacadh le freagracht theoranta as leanúnachas féintuisceana agus iompair

AGÚISÍN 2 – LITIR EOLAIS CHUIG TUISMITHEOIRÍ MAIDIR LE AOICHAINTEOIRÍ

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Coláiste Ghobnait
Inis Oírr | Oileáin Árann |
Co. na Gaillimhe.
+353 99 75016; +353 87 2232520
eolas.gobnait@gretb.ie
www.colaisteghobnait.com

Príomhoide: **Bríd Ní Dhonnacha** *Príomhoide Tánaisteach:* **Diane Ní Mhainín**

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Beidh aoichainteoirí ag teacht chuig an scoil ar an ..... faoin gclár OCG.

Cur síos ar an gcaint:

.....

.....

.....

.....

Mura bhfuil tú sásta go mbeidh do mhac/iníon i láthair don chaint seo, ar mhiste leat an scoil a chur ar an eolas.

Is mise le meas,

.....
Múinteóir

AGÚISÍN 3 – FOIRM CEAD D'AOICHAINTEOIRÍ ATÁ LE LÍONADH AG AN MÚINTEOIR ÁBHAIR

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Coláiste Ghobnait
Inis Oírr | Oileáin Árann |
Co. na Gaillimhe.
+353 99 75016; +353 87 2232520
eolas.gobnait@gretb.ie
www.colaisteghobnait.com

Príomhoide: **Bríd Ní Dhonnacha** *Príomhoide Tánaisteach:* **Diane Ní Mhainín**

Foirm Cheada d'Aoichainteoirí

Caithfidh aon bhall foirne a bhfuil sé i gceist aige/aici nó ag dalta ina rang cuireadh a thabhairt d'aon ghrúpaí, eagraíocht nó duine seachtrach a theacht isteach sa scoil le labhairt le daltaí, an fhoirm thíos a líonadh amach agus í a thabhairt don Phríomhoide ar a laghad coicís roimh dháta na cainte agus sula ndéantar aon teagmháil leis an duine/grúpa.

Ní mór cead an Phríomhoide a fháil sula n-eisítear an cuireadh. Má thugtar an cead, ní mór don mhúinteoir atá freagrach, an Rúnaí a chur ar an eolas faoi na socruithe agus an Príomhoide Tánaisteach a chur ar an eolas faoi aon ionadaíocht atá ag teastáil nó athruithe ar sheomraí ranga. Caithfidh múinteoir a bheith i láthair don chaint/cheardlann.

Más caint í a bhfuil baint aici le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta, ag teacht leis an bPolasaí faoin ábhar sin, caithfear litir eolais agus foirm cheada a chur ag tuismitheoirí seachtain roimh ré.

Ainm an duine/ghrúpaí/na heagraíochta:

Ábhar ar an gcuraclam a bhfuil baint aige leis:

Cur síos ar an gcaint/ceardlann

Dáta: ..... Am: ..... Rang/Bliainghrúpa(í): .....

Síniú an Mhúinteora: ..... Dáta: .....

Síniú an Phríomhoide: ..... Dáta: .....